




TATARSTAN

agus Sean Nós Chonamara

TATARSTAN

agus Sean Nós Chonamara


BOB QUINN

Rinne Bill Whelan, a chum Riverdance, ceol an phobail a ghalántú ach cén dochar? Rud ar bith a tharraingíonn uisce ag an muileann agus bíonn uisce sa bhfuisce de dhíth ar ghoile an lucht éisteachta cathrach, ar a raibh Riverdance dírithe.

Thug Riverdance cead a chinn do lucht na veistí bána seasamh suas agus bualadh bos a thabhairt don rud a bhíonn á choinneál faoi cheilt acu: a dtírghrá.

Ach is deacair sean nós Chonamara a dhéanamh feiliúnach don phárlús, do Bhroadway ná don Seomra Boird. Sin é a neart. Tá sean nós Chonamara díoghbháilteach. Sin an chúis gur maith liom é. Tá bunchloch ceol traidisiúnta na hÉireann le aimsiú sa mhaisiúchán agus sna foinn Sin an chúis ar thug mé faoi ghinealach an tsean-nóis a aimsiú i 1979. Cúig bhliana níos deireanaí i 1984 chuir mé an méid a bhí faighte amach agam os comhair domhain dochreidte: Atlantean (3 scannán uair a chloig agus leabhar in éindí leis).

Ní dhearna an epic sin ach nod a thabhairt gur tháinig amhránaíocht ar an sean nós óna manaigh agus go raibh baint aige leis na Beirbigh ó thuaisceart na hAfraice. Ach tug sé deis dom oideachas a chur orm féin i réimsí éagsúla – stair, ceol, reiligiún, ealaíon agus roinnt eile nithe nach bhfuil aon mheas ag an margadh orthu.



Bob Quinn: Tá Atlantean II idir lámha aige

Anois tá mé ag tabhairt faoi arís.

Le déanaí sheinn mé roinnt amhrán do roinnt daoine a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar amhránaíocht ar an sean nós – Máirtín Jamsie, Maití Joe Shéamais, Sarah Ghriallais agus a mac Micheál, Brian Ó Ruairc agus a bhean chéile Paula O Carroll. D'fhiafraigh mé dóibh céard a cheapadar. Ní sean nós a bhí ann ach go mba í an amhránaíocht ba ghiorra dó a chualadar ariamh, a dúirt chuile dhuine acu. Dúirt cuid acu gur thug sé i gcuimhne dóibh amhránaíocht Mháire Áine Nic Dhonncha agus í i mbarr a réime. Dúirt Máirtín Jamsie go raibh sé cosúil le sean nós casta droim ar ais: bhí an ceol ceart ach bhí an teanga aisteach.

D'inis mé dóibh ansin gurb é a bhí ann ná ceol na dTatars – sliocht Genghis Khan a chonaíonn i dTatarstan, poblacht i gCónascadh na Rúise.

Tá mé th'eis a bheith i dTatarstan faoi dhó le bliain anuas ag bailiú samplaí den cheol. Tá mé ag iarraidh a fháil amach cén chúis a chanann siad cosúil le daoine ó Chonamara, cen fáth a ndéanann siad an ceol simplí pentatonic a mhaisiú díreach ar an gcaoí céanna is a dhéanann daoine anseo, 2000 míle siar uathu.

Creid é nó ná creid tá míniú agam a bhaineann leis na Lochlannaigh, an dream a bhunaigh An Rúis, agus a bhí ag trádáil leis na Tatair ar an Volga thart ar an tréimhse céanna is a bhí siad ag loisceadh mainistreach anseo ar an Sionnann. Ar ndóigh tá mo sheanchairde, na hArabaigh, tugtha san áireamh sa tuairimíocht seo.

B'fhéidir gur seafóid ar fad é. Comhtharlúint? Cé aige a bhfuil fios? Ach nuair a sheinn mé Sarah Ghriallais do na Tatars, dúradar: "B'fhéidir gur sa teanga agaibhse atá sí ag canadh ach is linne an ceol sin".

B'fhéidir gur seafóid é ach b'fhiú é má dhúisíonn sé muid le smaoineamh ar an gceist, an é atá sa gcultúr atá againne i ndáiríre, U2, Spice Girls, Oasis agus an chuid eile den mheascán mearaí. Ar aon chaoi tá súil agam go mbeidh an scannán le feiceál ar TnaG roimh an Nollaig agus go mbainfear craiteadh cloiginn as lucht acadúil, uair amháin eile.

Má dheineann sé amhránaithe sean nós Chonamara a dhaingniú ina n-intinn go bhfuil tugtha le oidhreacht acu traidisiún as an ngnáth agus go bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo ó thaobh féinmheas a chothú ar an oileán seo, b'fhiú an tairbhe an trioblóid.

Altantean 2 – Alcuin teideal oibre an scannáin.



mfg teo

meitheal forbartha na gaeltachta teo

AIDHM:

Spreagadh pobail agus chun téimhuinín a mhúscailt.

Leas phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a chur chun cinn

Eolas agus Cúnamh ó:

Ivan Mac Philip

Oifig Chonnacht agus na Mí

Meitheal Forbartha na Gaeltachta

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón/Facs: 091-593410

le gach dea ghruí ó

Colm Ó Mainnín
An Garáiste, Ros Muc

SEIRBHÍS IOMLÁN GARÁISTE
091-574113